
# A



1 - An Chéad Chéim

2 - Tuismitheoirí, na múinteoirí is fearr dá bhfuil ann

# Clár


| | |
|---|---|
| Clár foghlama teaghlaigh - caidé atá ann? | 2 |
| Ag foghlaim sa bhaile agus ag foghlaim ar scoil | 3 |
| Ábhair lárnacha agus ábhair chuí eile | 4 |
| Ag foghlaim sa bhaile | 5 |
| Tusa mar fhoghlaimeoir | 6-7a |
| Trí stíl foghlama | 8-8a |
| Páistí ag foghlaim | 9 |
| D'fhean fhéin | 10 |
| Stíleanna foghlama sa bhaile | 11 |
| Ó phonc-go-ponc | 12 |




# Clár Foghlama Teaghlaigh - Caidé atá ann?

**Dar linne gurb iad athair agus máthair an pháiste na múinteoirí is luaithe agus is tábhachtaí a bhíos ag páiste ar bith.**

Is í aidhm an chláir seo ná uchtach agus cuidiú a thabhairt duitse agus tú ag teagasc do pháiste fhéin.

**Ó lá go lá, i do bhaile fhéin, bíonn neart deiseanna ann a chuideoidh le páistí rudaí úra a fhoghlaim.**


Cuid thábhachtach eile den chlár seo ná triail a bhaint as cuid de na rudaí seo, agus cuidiú leis an pháiste scileanna úra a fhoghlaim sa bhaile.

**Ar ndóigh, bíonn a sáith le déanamh ag na tuismitheoirí fosta, agus ní minic a bhíos mórán ama acu daofa fhéin.**

Cuspóir eile de chuid an chláir seo ná am a chur ar fáil duit fhéin le go mbeidh faill agat labhairt fá na gnéithe den fhoghlaim a bhfuil suim agat fhéin iontu agus, más mian leat, triail a bhaint as cúrsaí do dhaoine fásta le linn don chlár seo a bheith ar siúl nó ina dhiaidh.

Is iad na rudaí is tábhachtaí sa chlár seo:

- scileanna a fhorbairt,
- féinmhuinín a mhéadú,
- smaointe a chur i láthair a chéile,
- craic a bheith againn!



# Ag foghlaim sa bhaile agus ag foghlaim ar scoil

| Ag foghlaim sa bhaile | Ag foghlaim ar scoil |
|---|---|
| • Piocann páistí na rudaí atá siad fhéin ag iarraidh a fhoghlaim. | • Caithfidh múinteoirí rudaí áirithe a theagasc do na páistí, 'sé sin na rudaí atá sa churaclam scoile. |
| • Baineann siad sult as an fhoghlaim. Níl sé mar a bheadh obair ann. | • Ní i gcónaí a bhaineann siad a oiread suilt as an fhoghlaim. Is mó is cosúil le hobair ná le súgradh í. |
| • Thig leofa a rogha rud a dhéanamh am ar bith is mian leo. | • Foghlaimíonn páistí scileanna úra de réir plean foghlama. |
| • Ní de réir plean ná scéime a fhoghlaimíonn páistí rudaí úra, ach de réir mar a chastar orthu iad. | • Caithfidh na daoine fásta a bheith ag coimhéad ar chuid mhór páistí ag an aon am amháin. |
| • Bíonn daoine fásta thart bunús an ama le bheith ag cuidiú leofa agus á moladh. | • Cuireann daoine fásta comhairle agus teagasc ar fáil le go bhfoghlaimeoidh na páistí scileanna úra. |
| • Foghlaimíonn na páistí scileanna úra trí a bheith ag coimhéad ar dhaoine fásta. | • Bíonn scrúduithe agus obair le déanamh ag na páistí le fáil amach caidé mar atá ag éirí leofa. |
| • Ní bhíonn scrúdú ná teist ar bith le déanamh ag na páistí. | • Ní bhíonn faill ag múinteoirí comhrá mór fada a bheith acu leis na páistí. |
| • Thig le daoine comhrá mór fada a bheith acu leis na páistí. | • Bíonn na páistí uilig ar aon aois amháin. |
| • Thig le páistí d'aoiseanna difriúla a bheith ag foghlaim i gcuideachta a chéile. | • Foghlaimítear le leanaí comhaoise. |

Tá an tábla thuas bunaithe ar thábla i **'Literacy Home and School'** le Peter Hannon, lch. 39, The Falmer Press, 1995.

| Ábhair lárnacha | Ábhair chuí eile |
|---|---|
| 1 An chéad chéim - Foghlaim theaghlaigh: caidé atá ann? | • Ríomhairí |
| 2 Tuismitheoirí, na múinteoirí is fearr dá bhfuil ann | • Ealaíon agus Ceardaíocht |
| 3 Ag caint is ag comhrá . . . | • Garchabhair |
| 4 Rannta, amhráin agus dánta | • Sláinte an teaghlaigh |
| 5 Scéalaíocht | • Ag déileáil le strus |
| 6 Ag léamh le chéile | • Ag déileáil le hiompar páistí |
| 7 An cló timpeall orainn | • Bainistíocht airgid |
| 8 Bímis ag scríobh | • Ag cuidiú le daoine óga focla a litriú |
| 9 Ag scríobh ó lá go lá | • Ag plé le múinteoirí do pháistí fhéin |
| 10 Gafa le mata | • Féinmhuinín agus teacht i láthair |
| 11 Ag súgradh le huimhreacha | • Aird an tomhaltóra |
| 12 Leabharthaí a dhéanamh | |
| 13 Ceann cúrsa | |
| 14 Focal scoir | |

Do mholtaí fhéin:

# Ag foghlaim sa bhaile

Bí ag coimhéad ar an pháiste as seo go ceann seachtaine, agus scríobh síos ceithre rud a dhéanann sí ar dócha gur foghlaimíodh sa bhaile iad. Bí ag smaoineamh ar rudaí den chineál seo:

Samplaí:


ag amharc trí leabhar


ag scipeáil


an leithreas a úsáid


pictiúr a tharraingt

## Scileanna

1.

2.

3.

4.

## Bí ag smaoineamh fá na ceisteanna seo:

An raibh an páiste fhéin ag iarraidh na scileanna seo a fhoghlaim?

Cé hiad na daoine sa teaghlach a chuidigh leis an pháiste na scileanna seo a fhoghlaim?

Cá mhéad am a bhí ar fáil don pháiste fá choinne iad a fhoghlaim?

Cén dóigh a bhfuil a fhios agat fhéin go bhfuil na scileanna seo ag an pháiste?

Ar labhair tú leis an pháiste fán scil úr a d'fhoghlaim sí?

Caidé a dúirt tú léi?

# Tusa mar fhoghlaimeoir

Roghnaigh freagra AMHÁIN (a, b, nó c) ar achan cheist.

1. **Agus tú ag gabháil áit inteacht nach raibh tú ann riamh roimhe, an mbíonn tú ag iarraidh**

a) treoracha scríofa a bheith agat?

b) fios an bhealaigh a fháil ó dhuine?

c) nó an mbíonn tú ag déanamh go dtiocfadh leat fhéin an áit a bhaint amach gan chuidiú ó dhuine ar bith?

2. **Nuair a bhíos focal á litriú agat**

a) an bhfeiceann tú pictiúr den fhocal i d'intinn fhéin?

b) an ndeir tú an focal (os ard nó os íseal) le go gcluinfidh tú é?

c) an scríobhann tú síos an focal, féacháil an bhfuil cuma mar is ceart air?

3. **Caidé a dhéanann tú nuair a bhíos fearg ort**

a) fanacht i do thost gan focal a rá le duine ar bith?

b) gabháil ar mire, ag scairtigh agus ag scamhláil ar dhaoine?

c) imeacht leat as an áit, ag iarraidh srian a choinneáil ort féin?

4. **Cé acu ab fhearr leat a dhéanamh nuair a bhíos am le spáráil agat,**

a) an teilifís a choimhéad, dul go dtí na pictiúirí, cluiche físeáin a imirt?

b) éisteacht leis an raidió nó le téipeanna nó le CD nó gabháil chuig ceolchoirm nó gléas ceoil a bhualadh?

c) aclaíocht inteacht a dhéanamh, cuir i gcás spórt a imirt nó a ghabháil a dhamhsa?

5. **Nuair atá rud iontach tábhachtach ann a chaithfeas tú plé le duine, cé acu ab fhearr leat?**

a) casadh leis an duine agus an scéal a phlé leis nó nóta a chur chuige leis an scéal a mhíniú dó?

b) scairt ghutháin a chur air?

c) an scéal a tharraingt ort fhéin le linn daoibh a bheith ag déanamh rud inteacht eile, cuir i gcás le linn daoibh a bheith amuigh ag siúl nó ag ithe béile le chéile?

# Tusa mar fhoghlaimeoir

6. **Agus tú ag comhrá le daoine, an mbíonn tú**

a) ag caint go gasta, go háirithe agus tú tógtha fá rud inteacht?

b) an mbíonn tú ag iarraidh do chuid fhéin den chaint a dhéanamh, in ainneoin go bhfuil dúil agat a bheith ag éisteacht le daoine fosta?

c) an mbíonn do lámha agus do chorp á mbogadh agat go minic le linn duit a bheith ag caint?

7. **An mbíonn a fhios ag daoine caidé an spionn atá ort**

a) ó bheith ag amharc ar d'aghaidh?

b) ó do ghlór?

c) ón dóigh a mbogann do lámha is do chorp?

8. **Cuir i gcás go bhfuil duine inteacht de do mholadh. Cén dóigh ab fhearr leat go molfadh sé thú?**

a) i litir nó i scríbhinn?

b) é a rá leat trí chomhrá?

c) croí isteach a thabhairt duit, nó lámh a chroitheadh leat nó rud inteacht mar sin?

9. **Nuair a bhíos tú fhéin ag iarraidh a dhéanamh amach cén spionn atá ar dhuine**

a) an amharcann tú ar aghaidh an duine?

b) an éisteann tú lena ghlór?

c) nó an mbíonn tú ag amharc ar an dóigh a mbogann sé a lámha is a chorp?

10. **Má éiríonn tú tuirseach de bheith ag fanacht le duine inteacht**

a) an gcuireann tú an t-am isteach ag amharc thart ort fhéin, ag tarraingt pictiúirí beaga, ag amharc ar rud inteacht agus mar sin de?

b) an dtéann tú a chaint le daoine, nó comhrá a bheith agat i d'intinn fhéin?

c) an dtéann tú a bhogadach go mífhoighdeach?

# Tusa mar fhoghlaimeoir

**11. Cé acu is fearr leat le linn duit a bheith ag foghlaim rud inteacht,**

a) léaráid nó póstaeir nó daoine a bheith ann leis an rud a mhíniú duit?

b) an maith leat éisteacht le treoracha, le cainteanna agus le léachtaí?

c) nó arbh fhearr leat fhéin obair phraiticiúil inteacht a dhéanamh, cuir i gcás ceachtanna nó gníomhaíochtaí?

**12. Insíonn duine a uimhir ghutháin duit. Caidé a dhéanfas tú?**

a) í a scríobh síos chomh gasta agus a thig leat?

b) í a rá arís is arís eile ag iarraidh cuimhne a choinneáil uirthi?

c) a ligean ort fhéin go bhfuil tú ag cur scairte ar an uimhir?

Bunaithe ar an Learning Styles Questionnaire in **Learning in Practice** le Rosamund Philips, NALA 1996.

# Trí stíl foghlama

Más 'a' is mó a bhí agat

Is cosúil gur duine thú a bhíos ag foghlaim trí bheith ag coimhéad ar dhaoine eile agus ar na rudaí thart ort. Bíonn tú ag brath go mór ar radharc na súl le rudaí úra a fhoghlaim.

**Is fearr leis na foghlaimeoirí seo:**

- léarscáil a bheith acu ná duine ag inse fios an bhealaigh daofa;
- is maith leofa a bheith ag tarraingt pictiúirí agus ag dúdláil;
- tchí siad focla mar a bheadh pictiúirí istigh ina n-intinn;
- is fearr a choinníonn siad cuimhne ar na rudaí a tchí siad ná ar na rudaí a chluin siad;
- is maith leofa treoracha a léamh leis an eolas atá de dhíth a fháil;
- is maith leofa ord agus eagar a bheith ar rudaí agus iad a bheith slachtmhar néata.

Más 'b' is mó a bhí agat

Is cosúil go mbíonn tú ag brath go mór ar chaint agus ar éisteacht le rudaí úra a fhoghlaim.

**Bíonn an cineál seo foghlaimeora:**

- ag caint leis/léi fhéin;
- bogann siad a gcuid liobracha le linn daofa a bheith ag léamh;
- agus iad ag iarraidh eolas úr a fhoghlaim, cuidíonn sé leofa é a rá amach os ard;
- bíonn dúil mhór acu i gcaint is i gcomhrá;
- agus iad ag iarraidh focla a litriú, is maith leofa iad a fhuaimniú roimh ré;
- is fearr a choinníonn siad cuimhne ar na rudaí a chluin siad ná ar na rudaí a tchí siad.

# Trí stíl foghlama

Más 'c' is mó a bhí agat

Is maith leatsa dul i ngleic le cibé rud atá le foghlaim agat, é a láimhseáil agus a oibriú. Is maith leat saothar inteacht a chur i gcrích leis an eolas úr a fhoghlaim i gceart.

**Bíonn an cineál seo foghlaimeora:**

- ag iarraidh rudaí a láimhseáil agus a oibriú;
- bíonn sé doiligh daofa suí go suaimhneach;
- is le linn daofa a bheith ag bogadh thart nó ag siúl is fearr a thig leofa smaoineamh;
- bíonn focla cosúil le 'tosaigh' agus 'rinne' agus 'chuaigh' agus 'chríochnaigh' á rá acu go minic. Is focla iad seo a bhaineas le gníomh nó le hobair inteacht;
- bíonn cuid mhór geáitsíochta ar siúl acu; a lámha agus a gcorp á mbogadh acu le rud inteacht a chur in iúl;
- le linn daofa a bheith ag foghlaim an dóigh le focla a litriú, is maith leofa na focla a rianadh agus a bheith ag cleachtadh an dóigh le hiad a scríobh;
- bíonn cuimhne níos fearr acu ar an rud a dhéanann siad;
- bíonn an foghlaimeoir seo ag brath ar thadhall agus ar ghluaiseacht, fad is a bhíos an dá chineál eile ag brath ar a súile agus ar a gcluasa.

# Páistí ag foghlaim

Is é an bealach is fearr le cuidiú le páistí rudaí úra a fhoghlaim go maith, ná trí shaothar foghlama inteacht a thabhairt daofa. Is iad na cineálacha oibre is éifeachtaí ar fad:

- obair a bhfuil amharc, éisteacht, láimhseáil agus blaiseadh i gceist léi;
- obair a ligfeas do na páistí triail a bhaint as rudaí úra agus na rudaí sin a chleachtadh go maith;
- na páistí a chur ag obair in áiteacha a bhfuil seaneolas acu orthu agus a bhfuil siad ar a suaimhneas iontu, sa bhaile nó ina gceantair fhéin;
- obair ina mbíonn na páistí ag plé lena dtuismitheoirí, lena gcairde, lena ndeartháireacha agus deirfiúracha agus le daoine muinteartha eile;
- obair a bhéarfas seans daofa a gcomhrá a dhéanamh, ceisteanna a chur agus labhairt le daoine;
- ba cheart a bheith á spreagadh agus á moladh go minic;
- ligean daofa fhéin an cineál oibre atá de dhíth orthu a phiocadh agus a phleanáil;
- gan a bheith ag súil le barraíocht uathu;
- a thaispeáint daofa cé chomh maith is atá an obair a dhéanann siad.




# D'fhean fhéin

1 Cuntas cá mhéad litir atá in ainm an pháiste. Déan an oiread céanna fillteacha i bpíosa páipéir (mar a bheadh bosca ceoil ann).

2 Scríobh litreacha an ainm ar bharr achan fhilleadh.

3 Gearr dornán pictiúirí amach as irisí - ceann amháin fá choinne achan litir d'ainm an pháiste. Cibé rud atá sa phictiúr, bí cinnte gurb ionann an chéad litir ann agus litir amháin de chuid ainm an pháiste. Mar shampla: thiocfadh pictiúr de charr a úsáid fá choinne an chéad litir den ainm Ciara. Cuir pictiúr fá achan litir den ainm agus greamaigh den pháipéar le gliú iad.

4 Lean ort go dtí go bhfuil pictiúr fá achan litir.




# Stíleanna foghlama sa bhaile

**Seo thíos dornán ceisteanna le cuidiú leat a bheith ag smaoineamh ar na bealaí a fhoghlaimíonn do pháiste fhéin.**

| | ✔ | × |
|---|---|---|
| An gcuimhníonn sé ar na rudaí a iarrann tú air a dhéanamh? | | |
| An mbaineann sé sult as a bheith ag comhrá agus ag éisteacht le daoine? | | |
| An maith leis a bheith ag éisteacht le téipeanna agus ag amharc ar an teilifís? | | |
| An bhfuil dúil aige i leabharthaí agus in irisí? | | |
| An maith leis a bheith ag dathú agus ag tarraingt pictiúirí? | | |
| An maith leis coimhéad ar dhaoine eile ag déanamh rud inteacht sula mbaineann sé fhéin triail as? | | |
| An bhfuil dúil aige i mbréagáin a dtig leis a láimhseáil (mar shampla, marla) agus i gcluichí bríomhra fuinniúla (ag imirt is ag splaiseáil in uisce, mar shampla)? | | |
| An maith leis rudaí a thógáil agus a chruthú? | | |
| An mbaineann sé sult as spórt, as damhsa agus as caithimh aimsire eile a bhfuil cuid mhór gluaiseachta i gceist iontu? | | |

Ar thug tú fhéin rud ar bith eile fá dear?

# Ó phonc-go-ponc





## Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh
NDP
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Department of Education and Science